# POBAL CHRÍOST RÍ
# GORT A’ CHOIRCE

An tAth. Donnchadh Ó Baoill
(086) 603 1749 / (074) 91 35214
tpcr1906@gmail.com

**15ú Feabhra 2026**

**www.pobalchriostri.ie / www.mcn.live**

**AIFRINN NA SEACHTAINE**

**14.02** Satharn 7 i.n.
Pádraig Mheabha Mac Pháidin,Inis Bó Finne/Machaire Rabhartaigh

**15.02** Domhnach 9 r.n.
John Curran,An Cheathrúin Uachtarach

**15.02** Domhnach 11 r.n.
Kevin Byrne agus muintear Éamoinn,Machaire Rabhartaigh

**16.02** Luan 7 i.n.

**17.02** Máirt 10 r.n. Féile Aghaidh Naofa Ár Slánaitheora

**18.02 Céadaoin 10 r.n. agus 7 i.n.**
**Céadaoine an Luaithrigh**

**19.02** Déardaoin 7 i.n.

**20.02** Aoine 7 i.n.

**21.02** Satharn 3 i.n.
Baisteadh

**21.02** Satharn 7 i.n.
John (Jimmy) McGinley agus a bheirt mhac Jimmy agus Denis,Inis Bó Finne/Machaire Rabhartaigh

**22.02** Domhnach 9 r.n.

**22.02** Domhnach 11 r.n.

**BÁS LE GAIRID**
Kitty Saunders
Phil Ward,Árainn Mhór/Londain
Catherine Monagle,Glaschú,iníon de Catherine O’Brien, Mín Charraig
Teresa Gallagher,Gort a’ Ghoirce/Glaschú

**CUIMHNEACHÁIN BÁIS**
Eddie Ó Braonáin, An Ardaí Bheag
Andy Coyle, Mín Charraig

**THE IRISH CATHOLIC**
- Ar fáil ag cúl Theach a’ Phobail achan tseachtain.
- Cuir €3.00 sa bhocsa bhán - tá siad ardaithe i bpraghas.

**AN PAIDRÍN/BEANNACHT NA NAOMHSHACRAIMINTE**
Dé Domhnaigh 7.00 i.n.

**CUMANN N. UINSIONN DE PÓL –** Iarrataisí ar chuidiú chuig: 087 1965933.

**CRUINNIÚ AIRGID** Tógadh €2,225 an tseachtain s’chuaigh thart. Buíochas don phobal.

**ADHRADH NA NAOMHSHACRAIMINTE -** Dé Máirt 10.30 r.n - 7.00 i.n.
**PAIDRÍN (CHAPLET) THRÓCAIRE DÉ -** Dé Máirt 7.00 i.n.
**PAIDRÍN NA NAOMHSHACRAIMINTE** Dé Domhnaigh 7.00 i.n

**AN SÉÚ DOMHNACH DEN BHLIAIN A**

**AN CHÉAD LÉACHT**
**Sliocht as leabhar Sírach. 15:15-20.**
Más toil leat é, is féidir duit na haitheanta a choinneáil, agus tá ar do chumas bheith dílis i gcónaí. Leag sé tine agus uisce os do chomhair; sín amach do lámh agus tóg cibé ceann is mian leat. Tá an bás agus an bheatha os comhair an duine; bhéarfar dó cibé ceann is rogha leis. Is mór fairsing é eagna an Tiarna; tá sé uilechumhachtach agus chí sé gach uile ní. Bíonn a shúile ar na daoine a mbíonn eagla an Tiarna orthu, agus is eol dó gach gníomh dá ndéan an duine. Níor ordaigh sé d’aon duine riamh bheith aindiaga, ná ní thug sé cead d’aon duine riamh peaca a dhéanamh.
**Briathar an Tiarna. FR. Buíochas do Dhia.**

**FREAGRA AN tSAILM:**
Is méanar daofa sin a choinníos dlí an Tiarna.

**AN DARA LÉACHT**
Sliocht as céad litir Naomh Pól chuig na Coirintigh. 2:6-10.
A bhráithre, tá ár n-eagna féin againn daofa sin atá in aois chéille; ní heagna an tsaoil seo é, ná eagna mháistrí an tsaoil, nó tá a sealsan ag teacht chun deiridh. Is í eagna rúnda Dé atá á teagasc againn, an eagna a bhí i ndán glóire dúinn ag Dia roimh thús an tsaoil. Eagna í sin nárbh eol do mháistrí an tsaoil seo riamh, nó ní dhéanfadh siad Rí na Glóire a chéasadh. Seo an ceart atá a mhúineadh againn; na nithe a dtugann an scrioptúr orthu. ‘Nithe nach bhfaca súil, agus nár chuala cluas, nithe atá thar acfainn an duine a thuigbheáil, nithe atá daite ag Dia daofa sin a bheir grá dó.’ Sin iad na nithe a léirigh Dia duinne tríd an Spiorad, nó is eol don Spiorad brí agus éirim gach ní, go fiú an rún is doimhne i gcroí Dé.
**Briathar an Tiarna.**
**FR. Buíochas do Dhia.**

**ALLELUIA**
**Alleuia, alleluia!**
Labhair, a Thiarna, tá do shearbhónta ag éisteacht:
Agatsa atá briathra na beatha síoraí.
**Alleluia!**

**SOISCÉAL**
**Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Maitiú. 5:17-37.**
Dúirt Íosa lena dheisceabail;“Muna fearr bhur maitheas-sa ná cuid na Scríobhaithe agus na bhFairisíneach, ní rachaidh sibh isteach i ríocht na bhflaitheas.“Chuala sibh gur dúradh lenár sinnsir: Ná déan marbhú, agus má ní duine marbhú agrófar sin air os coinne na cúirte. Ach is é a deirimse libh: An té a bhíos i bhfeirg lena bhráthair, agrófar sin air os coinne

na cúirte."Chuala sibh mar a dúradh: Ná déan drúis. Ach is é a deirimse libh; Duine ar bith a shanntaíos bean go drúisiúil, tá drúis déanta cheana féin aige léi ina chroí. Agus arís chuala sibh mar a dúradh lenár sinnsear: Ná coill do mhóid, ach comhlíon do mhóid don Tiarna. Ach is é a deirimse libh: Ná tabhair móid ar bith; níl feidhm duit a rá ach 'is ea, is ea,' nó ni hea, ní hea,' do réir do choinsiasa. Má abrann tú níos mó ná sin is ón diabhal é.

**.'Soiscéal an Tiarna.**

**FR. Moladh duit, a Chríost.**

**FÓGRAÍ DON NUACHTLITIR** Duine ar bith ar mhaith leo fógra a chur sa nuachtlitir, thig leo a bhfógra a chur chuig tpcr1906@gmail.com roimh an cúig a chlog Dé Céadaoine.

**Rúndiamhair an Chreidimh**
Gach uair a ithimid an t-arán seo
agus a ólaimid an chailís seo,
fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.

**HALLA NA PARÓISTE**
Jeighbheáil le James Luan 8.00-9.30i.n. *Tosaitheoirí 8.00-8.30i.n.*
Ranganna Comhaltas (Ceol uirlise traidisiúnta) Luan 5.00-8.00i.n.
Bollaí(bowls)Dé Domhnaigh & Dé Máirt 7-12
Traenáil Circuits Luan agus Céadaoin 6.30 i.n.- 7.30 i.n.
Slimming World Déardaoin 7.30 r.n. - 9.00 r.n.
Banna Ceoil Déardaoin 6.30 i.n. -8.30

**TACAÍOCHT / COMHAIRLEOIREACHT** Má tá tacaíocht de dhíth ort féin nó ar dhuine ineacht ar d'eolas maidir le cosaint pháistí nó le mí-úsáid pháistí i gcás dhuine de lucht oibre na hEaglaise téigh i dteagmháil leis an Phearsa Chúraim Thréadaigh - (OLP) Seirbhís Cosaint Pháistí Ráth Bhoth. Margaret Northage 086 2183011
**MÁITHREACHA BREITHE** Tá eolas agus tacaíocht ar fáil do mháithreacha a raibh a bpáistí uchtaithe (adopted) ar www.birthinfo.ie ná ag TUSLA ar +353 818 445 500.
**TACAÍOCHT AR FÁIL** An bhfuil tú ag iompar clainne agus ar mhaith leat tacaíocht? Thig linn measúnaithe toirchis, scrúdú toirchis, ultrafhuaime a chur ar fail ná tacaíocht a thabhairt i ndiaidh ginmhilleadh. Tuilleadh eolais: (089) 246 9599
**Narcotics Anonymous** 087 4045030 / 00447810172991
**AA (Alcoholics Anonymous)** 087 6273596
**AL ANON** 018732699. info@al-anon-ireland.or

**CLÉIRIGH**
Dé Sathairn 31/01 @ 7.00:
Dé Domhnaigh 01/02 @ 9.00: Cathal, Peadar, Caitríona Ní hArlaigh
Dé Domhnaigh 01/02 @ 11.00: Lucia, Marianna, Patrick Ryder & Elena Nic Aoidh

Dé Sathairn 07/02 @ 7.00: Brídann Ní Ghallachóir
Dé Domhnaigh 08/02 @ 9.00: Iarla, Naoise agus Paddy Ó Ceallaigh
Dé Domhnaigh 08/02 @ 11.00: Orlaith Beatty, Ciara Ní Fhearraí & Jenna Nic Fhionnlaoich

**LÉITHEOIRÍ - Feabhra**
Dé Sathairn 7 i.n. Marie Ní Chearnaigh
Dé Domhnaigh 9 r.n. Nóra Nic Gearailt
Dé Domhnaigh 11 r.n. Neansaí Nic Géidigh

**MINISTRÍ EOCAIRISTEACHA - Feabhra**
Dé Sathairn 7 i.n. Tom Feeney & Nóra Coyle
Dé Domhnaigh 9 r.n. Sinéad Ní Cholm & Nóirín Nic Aoidh
Dé Domhnaigh 11 r.n. Méabha Whoriskey & Bríd Nic Eachmharcaigh

**IONAD POBAIL MHACHAIRE RABHARTAIGH**
**Dé Luan**
Glígíní (Grúpa Tuismitheorí & Tachráin)10-11.30rn
**Dé Máirt**
Club Spóirt agus Spraoi- Naíonán- Ranga 2 @ 5.00-6.15i.n. Damhsa Líne @6.30-8 @6.30 Tosaitheoirí 7.15-8i.n Feabhsaitheoirí €5 & Club Óige Críost Rí 8.15-10
**Dé Céadaoin**
Mná Phort Mhaise 10-12r.n
**Déardaoin**
Aeróbaice Chathaoir 11-11.45r.n
Ranganna tacaíochta Foghlama - Le clárú seol ríomhphoist chuig Sandra @tfchloichcheannfhaola@gmail.com 4-5 i.n.& 5-6 i.n.
Cardaí 7.30i.n €5
Bhain Maureen Cannon Mín Larach €171
ar an 50/50, comhghairdeachas. Tarraingt achan Déardaoin @7.00i.n.
Tuilleadh eolais ar Facebook ná ar 0749135556/083076924

**CLÁRÚ DO SCOIL CHNOC NA NAOMH**
Beidh Clárú don Scoilbhliain 2026/2027 ag Scoil Chnoc na Naomh ar an Luan an 16ú Feabhra idir 9.20- 3.00.

**Pobal Eascarrach**
Club Obair Bhaile - Achan Luan 3.30in-4.30in
Ranganna Comhrá Gaeilge Bunleibhéil - achan Luan 11am-1in
Ranganna Comhrá Gaeilge Meán/Ardleibhéil - achan Luan 1.15in go 3.15in
Rang Bunleibhéil Gaeilge - Dé Céadaoine 7-9in
Damhsa Líne achan Déardaoin 10.30-12in
Oíche Fhéile Bhríde san ionad ar 8in 31 Eanáir - Ceol, cuideachta agus craic
Dúchas na nDaoine - Dúlra, fás glasraí, comhrá agus craic - achan tSatharn 10-1in.
- Cláraigh do ranganna ag pobaleas@gmail.com nó 074 9180571 / 085 8670762

**Medjugorje 31.03.2026**
Oilithreacht go Medjugorje Cáisc 2026. Márta 31ú @ 7 lá. Costas €899 le Treoraí Spioradalta Eolas ó Bheirní 087 935 3953
**Oilithreacht Cairde Mhuire Lourdes. 2026**
24ú Meitheamh ar feadh 5 oíche. €995 Óstan Padoue, as B.A.C. Treoraí Spioradaltá An Sagart Pádraig Ó Baoighill. Eolas ó Bheirní 087 935 3953

**SN Ghort a' Choirce**
**Clarúchán**
Foirm Iarratais do Sheomra Ranga Príomhshrutha na Naíonáin Shóisearacha agus An Rang Speisialta 2026/27

Dé hAoine 13/02/2026
Deán teagmháil le h-oifig na scoile:scoilnaiste@eircom.net nó buail isteach chugainn.

Tá folúntas faoi láthair d'oibrí ginearálta ar an Scéim Shóisialta Tuaithe I gceantar Chloich
Cheannfhaola. Lé bheith rannpháirteach sa scéim caithfidh tú na rialacha maidir leis an Scéim
Shóisialta Tuaithe atá leagtha síos ag an Roinn Choimirce Sóisialaí, a chomhlíonadh. Má tá
suim agat dean teagmháil lé Seosamh ar 0871605930, roimh méanlae, An hAoine 27ú
Feabhra 2026.

**BAILIÚCHAN AIRGID**
**Tógadh €757.48 don thuras mhíchumais Deoise Ráth Bhoth chuig Lourdes ag geaftaí theach an phobail le gairid.**

**DÁTAÍ DON DIALANN**
25.04.26 - Cóineartú
23.05.26 - An Chéad Chomaoineach

**BUÍON CHEOIL (SÓISEAR)**
Lotto:Níor imigh an póta óir! Comhghairdeachas le Megan Ferry €100 a bhain €100 B'iad :1-2-7-8-11-15 na huimhreacha. Póta óir anois: €€3,800